
Séideán Sí

Moltaí don oide maidir le húsáid na filíochta sa rang



An Gúm

Is caibidil í seo as an leabhar *Cúrsa Comhtháite Gaeilge (Leabhar an Oide G)*.

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2009

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne © Martin Fagan, Peter Donnelly, Steve Simpson

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

An Gúm

Moltaí maidir le húsáid na filíochta sa rang

Is éard atá anseo ná cur chuige amháin a d'fhéadfaí a úsáid agus grinnstaidéar á dhéanamh ar sheánra na filíochta i Rang a Sé. Glactar leis, dar ndóigh, go ndéanfaidh an múinteoir na moltaí atá anseo a mhúnlú agus a chur in oiriúint dá rang féin. Moltar go mbeadh ceardlann filíochta mar seo ar siúl i rith na bliana ar bhonn rialta. Tá gníomhaíochtaí éagsúla luaite sa treoir seo a chabhróidh leis na daltaí tuiscint níos fearr a fháil ar sheánra na filíochta agus tabhairt faoi fhilíocht a scríobh iad féin.

Tá tábhacht ar leith leis an bhfilíocht ó thaobh forbairt aeistéitiúil agus shamhlaíoch an pháiste de. Baineann fiú an páiste is óige taitneamh as fuaimeanna, tuin, rithim agus imeartas focal na filíochta. I dtagairt do mhúineadh na filíochta in *Curaclam na Bunscoile – Gaeilge – Treoirlínte do Mhúinteoirí* (1999) deirtear gur 'gníomhaíocht éisteachta thar aon rud eile í an éisteacht le filíocht'. Úsáideann an file stór focal áirithe chun íomhánna agus mothúcháin a chur in iúl. Nuair a thugtar deis rialta do pháistí éisteacht le filíocht tosaíonn siad, tar éis tamaill, ar stór focal den chineál céanna a úsáid ina gcuid scríbhneoireachta féin.

Moltar go mbeadh áit lárnach ag an bhfilíocht sa seomra ranga. D'fhéadfadh 'cúinne filíochta' a bheith ann ina mbeadh taispeántas de dhánta na bpáistí – dánta arna gcumadh agus arna maisiú ag na daltaí i rith na bliana – chomh maith le dánta a chum filí eile agus a thaitin leis na daltaí. Moltar freisin 'ionad éisteachta' a bheith sa seomra ranga áit a mbeadh deis ag na daltaí éisteacht le filíocht á léamh os ard. D'fhéadfaí ábhar le comhlachtaí foilsitheoireachta a úsáid nó ábhar arna thaifeadadh ag an múinteoir nó ag na daltaí féin.

Chun go mbeadh toradh fiúntach ar na ceardlanna filíochta caithfear a chinntiú go mbeidh teacht ag an múinteoir féin agus ag na daltaí ar stór leathan filíochta de bhreis ar a bhfuil ar fáil mar chuid de chúrsa *Séideán Sí*. Moltar go mbeadh réimse leathan d'fhoilseacháin filíochta sa seomra ranga. Ba cheart go mbeadh duanairí agus dlúthdhioscaí ann, chomh maith le bailiúcháin filíochta curtha le chéile ag an múinteoir agus ag na daltaí féin.

Ba chóir go mbeadh éagsúlacht filíochta ann agus go mbeadh fáil ar dhánta de gach saghas, e.g. dánta a bhfuil rím iontu, dánta a bhfuil athrá iontu, gníomhamhráin, amhráin saothair, tréanna, seanfhocail, tomhais, agallaimh bheirte, lúibíní, ceapóga, casfhocail (rabhlóga), saorvéarsaíocht, scéalta dréimire, rainn le haghaidh cluichí, rainn comhairimh, luimnigh, tús línte, dánta nuachumtha, dánta a insíonn scéal, dánta greannmhara, haiku, dánta crutha, dánta liosta agus dánta cúiglíneacha.

Cuspóirí Ginearálta

Ba cheart go gcuirfeadh na ceardlanna filíochta ar chumas an dalta:

- taitneamh a bhaint as a bheith ag éisteacht le filíocht á léamh;
- léamh na filíochta a chothú mar nós saoil;
- tuiscint a fhorbairt ar sheánra na filíochta;
- a chumas samhlaíochta agus cognaíoch a fhorbairt;
- a chumas léitheoireachta agus labhartha a fhorbairt;
- a bheith ceisteach faoin bhfilíocht a léann sé agus a thuairimí féin fúithi a nochtadh;
- a thuiscint gur gníomhaíocht chumarsáide idir an file agus an léitheoir í léamh na filíochta agus éisteacht le filíocht;
- teacht ar eolas faoi fhilí ar leith;
- cur lena chuid eolais agus lena thuiscint ar an saol;
- taitneamh a bhaint as filíocht a chumadh.

Seisiún 1

Roghnaigh dán a bhfuil bá agat féin leis le léamh don rang. Mínigh do na daltaí an fáth ar roghnaigh tú an dán áirithe seo.

Pléigh teideal an dáin leo. Mura bhfuil an téama soiléir ón teideal iarr orthu a thuar céard é téama an dáin. Má tá an téama soiléir iarr orthu a thuar céard a bheidh le rá ag an bhfile faoin téama. Iarr orthu cúiseanna a thabhairt lena dtuar.

Léigh ainm an fhile. An bhfuil aon dán eile leis an bhfile seo cloiste nó léite ag na daltaí? Má tá, pléigh téamaí na ndánta sin.

Léigh an dán go soiléir don rang le rithim nádúrtha na cainte. Cuir béim ar fhocail agus ar fhrásaí éagsúla ionas go gcruthóidh do ghlór íomhá an dáin. Is cuid thábhachtach den phróiseas é seo, múnlú léitheoireacht na filíochta ag an múinteoir.

Lig do na daltaí éisteacht leis an dán faoi dhó. Tar éis an dara héisteacht iarr a dtuairimí mar gheall ar an dán. Ar thaitin sé leo nó nár thaitin? Iarr orthu cúiseanna a thabhairt lena dtuairim.

(**Nóta:** Ba chóir go dtuigfeadh na daltaí gur rud an-phearsanta í an fhilíocht agus nach gá gurb é an dearcadh céanna a bheadh ag aon bheirt maidir le dán ar leith.)

Gníomhaíochtaí Breise

D'fhéadfaí tabhairt faoi chuid de na gníomhaíochtaí seo a leanas ag deireadh an tseisiúin, ag brath ar chaighdeán an ranga / an ghrúpa agus ar an dán atá i gceist:

- Pléigh príomhsmaoineamh nó téama an dáin.
- Faigh amach ar spreag an dán aon mhothúcháin sna daltaí nó ar thug sé aon eachtra ina saol féin chun cuimhne dóibh.
- Pléigh aon eolas a thugann an dán dúinn faoi shaol an fhile nó faoina dhearcadh ar a n saol.
- Cad a mheasann na daltaí faoi thús / dheireadh an dáin? Ar mhaith leo é a athrú? Más amhlaidh gur mhaith, iarr orthu tús / deireadh eile a chumadh don dán.

Seisiún 2

Roghnaigh dán eile a thaitníonn leat féin. Mínigh do na daltaí an fáth ar roghnaigh tú an dán áirithe seo.

Pléigh teideal an dáin mar a rinneadh i Seisiún 1.

Léigh an dán go soiléir don rang le rithim nádúrtha na cainte.

An aontaíonn na daltaí le do rogha? Iarr orthu cúiseanna a thabhairt lena bhfreagra. (Féach **'Nóta'** i Seisiún 1.)

Cuir an dán ar an scáileán agus léigh an téacs arís. Iarr ar na daltaí é a léamh go ciúin a fhad is atá tusa á léamh os ard.

Luaigh ainm an fhile. Ar chuala na daltaí trácht ar an bhfile sin cheana? Ar chuala siad nó ar léigh siad aon dán eile leis an bhfile? Má tá dánta eile leis i gceann de na bailiúcháin filíochta sa seomra ranga iarr ar na daltaí féin iad a aimsiú. Pléigh na dánta agus déan comparáid idir na dánta sin agus an dán atá díreach léite agat.

Gníomhaíochtaí Breise

D'fhéadfaí tabhairt faoi chuid de na gníomhaíochtaí seo a leanas ag deireadh an tseisiúin, ag brath ar chaighdeán an ranga / an ghrúpa agus ar an dán atá i gceist:

- Faigh amach an raibh aon rud áirithe sa dán a tharraing aird na ndaltaí.
- Pléigh aon fhriotal ar leith sa dán a thaitin leis na daltaí. Má bhí nathanna / focail ann ar thug siad suntas ar leith dóibh, cláraigh iad. Iarr ar na daltaí na nathanna is fearr leo a roghnú le scríobh ina Leabhar Scríbhneoireachta Pearsanta.
- Iarr ar na daltaí pictiúr a tharraingt a léireodh príomhsmaoineamh an dáin.
- Pléigh stíl agus rithim an dáin.
- Pléigh tús agus deireadh an dáin.
- Déan comparáid ó thaobh téama de idir an dán sin agus an dán a chuala siad i Seisiún 1.
- Déan comparáid ó thaobh stíle de idir an dán sin agus an dán a chuala siad i Seisiún 1.
- Déan comparáid ó thaobh comhdhéanaimh de (uimhir línte / véarsaí) idir an dán sin agus an dán a chuala siad i Seisiún 1.
- Pioc amach focail áirithe as an dán agus spreag na daltaí chun focail eile a bhfuil an bhrí chéanna leo a chur ina n-áit. (Tá tábhacht ar leith leis an ngníomhaíocht sin do na cainteoirí dúchais sna Gaeltachtaí.)
- Cabhraigh leis na daltaí tuilleadh eolais a bhailiú faoin bhfile.

Seisiún 3

(**Nóta:** D'fhéadfaí roinnt laethanta a chaitheamh leis seo.)

Iarr ar na daltaí dánta atá cloiste nó foghlamtha acu agus a thaitin leo a thabhairt chun cuimhne agus giota díobh a aithris. Tabhair dóthain ama dóibh chuige sin. Lig dóibh iad a aimsiú i leabhair más gá. Faigh amach an chúis ar thaitin na dánta áirithe sin leis na daltaí.

An bhfuil dán ar leith a luaitear go minic i measc rogha na ndaltaí? Tarraing a n-aird air seo. Cláraigh ainmneacha na ndánta is deise leis na daltaí ar chairt ranga.

Taispeáin bailiúcháin filíochta ranganna 2-6 *Séideán Sí* do na daltaí. Léigh teidil na ndánta atá iontu. Cé na dánta is mó a thaitin leo? Lig do dhaltaí aonair a rogha dán a léamh os ard as na leabhair seo.

Mínigh do na daltaí go bhfuil siad chun 'Duanaire Pearsanta' a chur le chéile sna seachtainí atá amach rompu. Chun tús a chur leis an Duanaire Pearsanta léifidh siad lear mór dánta. Ansin scríobhfaidh siad na dánta is fearr a thaitníonn leo isteach sa Duanaire Pearsanta.

Pléigh an leagan amach, an ealaín, etc., sna duanairí filíochta éagsúla atá sa rang. Cabhraigh leis na daltaí leathanaigh a cheangal le chéile chun Duanaire Pearsanta a dhéanamh dóibh féin. Fág an clúdach agus an chéad dá leathanach folamh. Cuirfidh siad teideal, tiomnú agus clár sna leathanaigh seo níos déanaí.

Tabhair cóipeanna de na dánta a léigh tú os ard sna seisiúin roimhe seo do na daltaí. Cuir cóipeanna den ábhar as cúrsa *Séideán Sí* ar fáil dóibh, chomh maith le duanairí agus bailiúcháin filíochta fheiliúnacha eile.

Tabhair neart ama do na daltaí cuid de na dánta atá sna leabhair agus ar na bileoga a léamh agus taitneamh a bhaint astu. Lig dóibh iad a phlé.

Ag deireadh an tseisiúin léitheoireachta mínigh dóibh go gcaithfidh siad dhá dhán a thaitníonn go mór leo a roghnú as a bhfuil léite acu. Déanfaidh siad iad a chóipeáil go néata isteach ina nDuanaire Pearsanta. Iarr orthu dhá dhán atá éagsúil ó thaobh stíle, téama, etc., de a roghnú.

Iarr ar dhaltaí aonair na cúiseanna ar roghnaigh siad dánta ar leith a phlé leis an rang. Iarr orthu a fháil amach ar roghnaigh aon dalta eile na dánta céanna.

Iarr ar na daltaí clúdach oiriúnach a dhearadh dá nDuanaire Pearsanta. Caithfidh siad teideal a chumadh don Duanaire Pearsanta freisin. Pléigh teidil oiriúnacha. Scríobhadh gach dalta teideal an Duanaire Phearsanta, chomh maith lena ainm, go healaíonta ar an gclúdach. Spreag na daltaí chun áiseanna ilmheán an ranga a úsáid chuige sin.

Gníomhaíochtaí Breise

D'fhéadfaí tabhairt faoi chuid de na gníomhaíochtaí seo a leanas ag deireadh an tseisiúin, ag brath ar chaighdeán an ranga / an ghrúpa agus ar na dánta atá i gceist:

- Iarr ar na daltaí cúpla abairt a scríobh ar an ngné a thaitníonn leo de na dánta atá roghnaithe acu don Duanaire Pearsanta.
- Iarr ar na daltaí aon fhriotal ar leith a thaitin leo sna dánta atá roghnaithe acu a phlé leis an rang.
- Iarr ar na daltaí na príomhchosúlachtaí / príomhdhifríochtaí idir an dá dhán atá roghnaithe acu a phlé lena bpáirtí.
- Iarr ar na daltaí aon rud spéisiúil atá tugtha faoi deara acu maidir le tús / deireadh na ndánta atá roghnaithe acu a phlé leis an rang.
- An dóigh leis na daltaí go bhféadfaí gluaiseachtaí nó fuaimeanna éifeachtacha a chur le cuid de na dánta atá roghnaithe acu? An bhféadfaí ceol oiriúnach a chur leo? Féachaigí le teacht ar chomhréiteach maidir leis na dánta is fearr a d'oirfeadh dó seo. Roinn na daltaí ina ngrúpaí chun gluaiseachtaí, fuaimeanna nó ceol a chur le dánta ar leith. Déan iad a thaifeadadh agus úsáid á baint agat as áiseanna ilmheán an ranga. Cuir an t-ábhar taifeadta san 'ionad éisteachta' le gur féidir leis na daltaí éisteacht leis.

Seisiún 4

(**Nóta:** D'fhéadfaí roinnt laethanta a chaitheamh leis seo.)

Léigh roinnt dánta a thaitníonn leat féin os ard don rang in imeacht cúpla lá. Cinntigh go dtugtar deis do na daltaí éisteacht le cineálacha éagsúla filíochta (féach leathanach 13L).

Léigh gach dán faoi dhó.

D'fhéadfá, tar éis an dara léamh, an dán a chur ar an scáileán agus mioncheacht a bhunú ar ghnéithe ar leith de, e.g. rím an dáin, focail / nathanna ar leith, réimsí den ghramadach nó den phoncaíocht atá suntasach sa dán. D'fhéadfaí mioncheacht a dhéanamh le grúpa beag ar ghnéithe den ghramadach nó den litriú atá suntasach sa dán agus a mbíonn deacracht acu leo ina gcuid scríbhneoireachta. Dírigh aird na ndaltaí freisin ar aon athrá, uaim, samhlacha nó meafair atá sa dán.

Déan cóipeanna den dán. Roinn na daltaí ina mbeirteanna chun a dtuairimí ina leith a phlé. D'fhéadfaidís an stíl, an téama, an stór focal, an rithim, etc., a phlé. Ag tús na hoibre sin, cuir ar a súile dóibh go bhfuil sé de cheart ag gach dalta a thuairimí féin a bheith aige. Iarr orthu nóta a bhreacadh ina Leabhar Scríbhneoireachta Pearsanta má thagann siad ar fhocal nó ar nath atá spéisiúil ar bhealach éigin.

Seisiún 5

(**Nóta:** D'fhéadfaí roinnt laethanta a chaitheamh leis seo.)

Mínigh do na daltaí go bhfuil siad féin chun tuilleadh dánta a léamh anois. Tabhair cóipeanna do na daltaí de na dánta ar fad a léigh tú os ard sna seisiúin roimhe seo. Cuir cóipeanna de na bailiúcháin filíochta as cúrsa *Séideán Sí* ar fáil, chomh maith le duanairí agus bailiúcháin filíochta fheiliúnacha eile.

Tabhair neart ama do na daltaí leis na dánta atá sna leabhair agus ar na bileoga a léamh agus le taitneamh a bhaint astu. Iarr orthu iad a phlé ina ngrúpaí beaga agus liosta a dhéanamh de na dánta ba mhó a thaitin leis an ngrúpa. D'fhéadfá cairt ranga a dhéanamh ag liostú an deich ndán is mó a thaitin leis an rang.

Ansin iarr ar na daltaí roinnt dánta a thaitin go mór leo a roghnú. Scríobhaidís na dánta seo isteach ina nDuanaire Pearsanta agus maisídís iad. D'fhéadfaidís an ríomhaire agus áiseanna ilmheán an ranga a úsáid chuige seo má oireann sé sin don rang.

Iarr ar dhaltaí aonair dán atá roghnaithe acu, nó giota as, a léamh don rang. D'fhéadfadh na daltaí eile iad a cheistiú faoin dán agus faoin gcúis ar thaitin sé leo.

Seisiún 6

Ceardlann ar scríobh na filíochta – an múinteoir mar fhile

Mínigh do na daltaí go bhfuil tú chun dán de do chuid féin a chumadh anois. Cinntigh go bhfuil baint ag an dán seo ar bhealach éigin (téama, teicníocht, mothúcháin, etc.) le ceann de na dánta a roghnaigh tú le léamh dóibh sna seisiúin roimhe seo.

Tosaigh ag scríobh do dháin ar an gclár nó ar an scáileán agus na daltaí ag féachaint ort. Mínigh dóibh gur dréacht é seo agus go mbeidh ort eagarthóireacht a dhéanamh air níos déanaí.

Scríobh an dán go sciobtha gan an iomarca aird a thabhairt ar an litriú ná ar an bponcaíocht. Ansin léigh os ard é agus cuid mhaith smaoinimh os ard agus athmhachnaimh á dhéanamh agat i rith an ama. Déan athruithe agus leasuithe agus tú 'ag caint leat féin'. Tugtar 'múnlú ag an múinteoir' air seo.

Léigh do dhán os ard arís. Glac le moltaí agus le comhairle ó na daltaí. Agus tú ag smaoineamh os ard ceistigh an stór focal a d'úsáid tú. Iarr tuairimí na ndaltaí ina leith. An bhfuil aon nath nó focal, dar leo, a d'oirfeadh níos fearr ná na focail / nathanna a roghnaigh tusa? An bhfuil moltaí acu maidir le gnéithe eile den dán? An bhféadfá níos mó uaime, athrá nó samhlacha a úsáid, mar shampla? An bhfuil sé rófhoclach? Má tá, bain amach aon fhocail nach bhfuil gá leo.

Déan eagarthóireacht agus athdhréachtú ar an dán nó go mbeidh tú sásta leis. Ceartaigh an litriú agus an phoncaíocht. Úsáid foclóir chun an litriú a sheiceáil. Athscríobh nó clóscríobh an leagan críochnaithe. Caith neart ama leis an gcuid seo den obair chun tábhacht na heagarthóireachta agus an athdhréachtaithe a chur ina luí ar na daltaí.

Seisiún 7

Ceardlann ar scríobh na filíochta – an dalta mar fhile

(**Nóta:** Moltar roinnt seachtainí a chaitheamh leis seo chun go scríobhfaidh na daltaí roinnt mhaith dánta.)

Mínigh do na daltaí go bhfuil gach duine acu chun dán dá chuid féin a chumadh anois. Déanaidís aithris ar an gcur chuige a d'úsáid tusa agus tú ag cumadh do dháin féin. Abair leo go bhfuil lánchead acu a rogha cineál dáin a scríobh ach gur cheart go mbeadh baint aige ar bhealach éigin (téama, teicníocht, mothúcháin, etc.) le ceann de na dánta a roghnaigh siad le cur isteach sa 'Duanaire Pearsanta'. Mínigh dóibh gur féidir leo focail nó frásaí as an dán sin a úsáid agus iad ag cumadh a ndáin féin.

Iarr ar na daltaí féin a ndán a chumadh agus a scríobh go sciobtha gan an iomarca aird a thabhairt ar an litriú, ar an bponcaíocht ná ar an bpeannaireacht. Mínigh dóibh go mbeidh orthu eagarthóireacht a dhéanamh air níos déanaí mar a rinne tusa i Seisiún 6. Caithfidh siad a bheith ceisteach faoina gcuid oibre féin mar a bhí tusa agus tú ag scríobh do dháin féin. Cinntigh go dtuigeann na daltaí gur gá a bheith ceisteach i leith a gcuid oibre féin agus eagarthóireacht agus athscríobh a dhéanamh. Mínigh dóibh go ndéanann gach scríbhneoir agus gach file athmhachnamh ar a chuid oibre féin agus é ag athrú agus ag ceartú leis nó go mbíonn sé sásta lena shaothar.

Lig do na daltaí féin téamaí a gcuid dánta a roghnú. Iarr orthu a bheith ag smaoineamh agus ag faire amach do théamaí spéisiúla an t-am ar fad agus nóta a bhreacadh ina Leabhar Scríbhneoireachta Pearsanta de réir mar a thagann smaointe chucu. Tiocfaidh cuid dá gcuid smaointe chomh maith as dánta atá léite nó cloiste acu.

Iarr ar aon dalta ar mian leis é a dhán a léamh don rang ionas gur féidir léirmheas a dhéanamh air.

Ag deireadh na ceardlainne cuireadh gach dalta an chuid is fearr dá chuid dánta, de réir a bhreithiúnais féin, isteach ina Dhuanaire Pearsanta. Cinntigh go scríobhfaidh na daltaí an tiomnú agus an clár ina nDuanaire Pearsanta. Iarr orthu an Duanaire Pearsanta a mhaisiú. Spreag na daltaí chun áiseanna ilmheán an ranga a úsáid chuige sin.

Seisiún 8

Duanaire Ranga a chur le chéile

(**Nóta:** Tógfaidh sé seo roinnt laethanta.)

Iarr ar gach dalta an dán is fearr a scríobh sé le linn na ceardlainne, de réir a bhreithiúnais féin, a roghnú lena chur i gcló i nDuanaire Ranga. Má tá deacracht ag daltaí áirithe rogha a dhéanamh d'fhéadfadh an rang cabhrú leo.

Roinn an rang ina ghrúpaí beaga. Iarr ar na grúpaí na dánta atá scríofa acu a phlé agus, más gá, tabhair moltaí dóibh a chabhróidh lena gcuid eagarthóireachta. Siúil timpeall agus éist leis an bplé idir na grúpaí agus cuir comhairle ar na grúpaí, más gá.

Iarr ar gach dalta dréacht nua dá dhán féin a scríobh, más gá, agus moltaí na ndaltaí eile a chur i bhfeidhm sa dréacht nua. Déanadh gach dalta eagarthóireacht ar a dhán féin go dtí go mbeidh sé ullamh lena chur i gcló. Ansin scríobhadh sé an dán ar leathanach sa pheannaireacht is fearr atá aige nó clóscríobhadh sé é. Beidh a ainm le scríobh air agus beidh sé le maisiú chomh maith. Moltar áiseanna ilmheán an ranga a úsáid don mhaisiú.

Má tá roinnt dánta bunaithe ar théamaí ar leith d'fhéadfaí iad a chur le chéile sa Duanaire faoi theidil na dtéamaí sin, e.g. an aimsir, ainmhithe, etc. Ceangail leathanaigh le chéile chun an Duanaire Ranga a dhéanamh. Fág an clúdach agus an chéad dá leathanach folamh. Beidh ar na daltaí tiomnú agus clár a chur ar na leathanaigh sin.

Roghnaigh grúpa chun an clúdach tosaigh a dhearadh agus 'Duanaire Ranga' a scríobh go healaíonta mar theideal air. Faoin teideal 'Údar' scríobhaidís 'Rang …, Scoil …'.

Roghnaigh grúpa eile chun an clúdach cúil a dhearadh agus an blurba a scríobh, agus grúpa eile chun an tiomnú agus an clár a scríobh.

Greamaigh dánta na ndaltaí sa Duanaire Ranga agus cuir an clúdach air. Cuir an Duanaire Ranga ar taispeáint sa seomra ranga / i leabharlann na scoile. D'fhéadfadh na daltaí dánta a léamh as an duanaire do dhaltaí eile na scoile ag an tionól nó d'fhéadfaidís cuairt a thabhairt ar dhaltaí i rang eile agus a gcuid dánta a léamh dóibh.

Roghnaigh dánta as an Duanaire Ranga a d'fheilfeadh don chórvéarsaíocht. Is féidir le dalta aonair cuid de na línte a léamh agus le grúpaí cuid eile acu a léamh. Is féidir leis na glórtha a bheith ard nó íseal, tapa nó mall ag brath ar an téama, ar mhothúcháin, etc. Moltar tuairimí na ndaltaí a fháil chun an dán a chur in oiriúint don chórvéarsaíocht.

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama _____

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama _____ :

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:

Scríobh 3 abairt. Bíodh ceann de na focail a scríobh tú thuas i ngach ceann acu. Léigh abairtí do pháirtí. Ar roghnaigh do pháirtí cuid de na focail chéanna leat?

Staidéar ar fhocail aonair

Scríobh dhá fhocal nua a d'aimsigh tú le linn duit a bheith ag léamh.

Focal 1



Scríobh an focal nua anseo. _____

Ceapaim go gciallaíonn sé _____

_____

Anois aimsigh an focal i d'fhoclóir.

Is í an bhrí atá leis an bhfocal, dar leis an bhfoclóir

_____

Cuir an focal in abairt.

_____

_____

Focal 2



Scríobh an focal nua anseo. _____

Ceapaim go gciallaíonn sé _____

_____

Anois aimsigh an focal i d'fhoclóir.

Is í an bhrí atá leis an bhfocal, dar leis an bhfoclóir

_____

Cuir an focal in abairt.

_____

_____

Léirmheas ar dhán

Teideal an dáin _____

Ainm an fhile _____

Seo pictiúr a shamhlaím agus mé ag léamh an dáin seo.



Rudaí a thaitin liom faoin dán _____

_____

_____

_____

Rudaí nár thaitin liom faoin dán _____

_____

_____

_____

Seo na línte ba mhó a thaitin liom.

_____

_____

_____

_____

Dhá dhán a chur i gcomparáid

Dán 1	Dán 2
Teideal an dáin	Teideal an dáin
Ainm an fhile	Ainm an fhile
Rudaí a thaitin liom faoin dán seo	Rudaí a thaitin liom faoin dán seo
Rudaí nár thaitin liom faoin dán seo	Rudaí nár thaitin liom faoin dán seo

Is fearr liom an dán _____ ná an dán _____
de bharr _____

Cur síos ar charachtair

Teideal an leabhair _____ An t-údar _____ An foilsitheoir _____









Carachtar 1	Carachtar 2	Carachtar 3
Ainm an charachtair	Ainm an charachtair	Ainm an charachtair
Tréithe fisiciúla	Tréithe fisiciúla	Tréithe fisiciúla
Tréithe pearsanta	Tréithe pearsanta	Tréithe pearsanta









Dá bhféadfá casadh le duine amháin acu seo cé acu a phiocfá? Tabhair fáth le do fhreagra.

_____

_____

_____

_____